



www.hotmaps-project.eu

Achoimre ar Lámhleabhair Hotmaps do Phleanáil Straitéiseach Téimh






Ullmhaithe ag Søren Djørup, Nis Bertelsen, Brian Vad Mathiesen &
Athbhreithnithe ag Kinga Kovacs, Giulia Conforto

Aibreán 2020



Funded by the Horizon 2020 programme
of the European Union

Eolas faoin Tionscadal

 Ainm an tionscadail	Hotmaps - Uirlis Foinse Oscailte Téimh agus Fuaraithe chun Córais Fuinnimh a Mhapáil agus a Phleanáil
 Uimhir an chomhaontaithe deontais	723677
 Fad an tionscadail	2016-2020
 Comhordaitheoir an tionscadail	Lukas Kranzl Technische Universität Wien (TU Wien), an Institiúid um Chórais Fuinnimh agus um Thiomántáin Leictreacha, an Grúpa Eacnamaíochta Fuinnimh (EEG) Gusshausstrasse 25-29/370-3 A-1040 Wien / Vín, an Ostair Guthán: +43 1 58801 370351 R-phost: kranzl@eeg.tuwien.ac.at info@hotmaps-project.eu www.eeg.tuwien.ac.at www.hotmaps-project.eu
 Príomh-údar na tuarascála seo	Søren Djørup Ollscoil Aalborg Guthán: +45 9356 2365 R-phost: djoerup@plan.aau.dk

Fógra dlíthiúil




Is faoi na húdair amháin atá an fhreagracht as ábhar an fhoilseacháin seo. Ní gá go dtagann sé le sé tuairim an Aontais Eorpaigh. Níl an EASME ná an Coimisiún Eorpach freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

Gach ceart ar cosaint; ní féidir cuid ar bith den fhoilseachán seo a aistriú, a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith, go leictreonach, go meicniúil, trí fhótachóipeáil, trí taifeadadh nó ar shlí eile, gan cead i scríbhinn ón bhfoilsitheoir. Éilítear gur trádmharcanna iad go leor de na hainmniúcháin a úsáideann déantúsóirí agus díoltóirí chun a gcuid táirgí a idirdhealú. Ní thugtar le tuiscint ar pé bealach le luachan na n-ainmniúchán sin an chonclúid go bhfuil úsáid na n-ainmniúchán sin dlíthiúil gan cead ó úinéir an trádmhairc.

Tionscadal Hotmaps

Tá sé mar aidhm le tionscadal Hotmaps arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach uirlisí a cheapadh chun tacú le húdarais phoiblí, gníomhaireachtaí fuinnimh agus pleanálaithe uirbeacha i bpleanáil straitéiseach téimh agus fuaraithe ar na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus ar aon dul le beartais an Aontais Eorpaigh.

Chomh maith le treoirlínte agus lámhleabhair maidir le conas pleanáil straitéiseach téimh agus fuaraithe (T&F) a dhéanamh, soláthróidh Hotmaps na chéad bhogearraí pleanála T&F atá

-  **Faoi thionchar an úsáideora:** forbartha i ndlúthchomhar le 7 dtreoirlimistéar Eorpacha
-  Ina **bhFoinse oscailte:** rithfidh an uirlis forbartha agus gach modúl gaolmhar gan gá a bheith le huirlis nó bogearraí tráchtála ar bith eile. Tá úsáid as an gCód Foinse agus rochtain air faoi réir Ceadúnas Foinse Oscailte.
-  **Comoiriúnach le AE-28:** beidh an uirlis infheidhmithe maidir le cathracha i ngach ceann de 28 Ballstát AE

An cuibhreannas taobh thiar de

Scientific partners



Pilot areas for developing and testing the tool



Achoimre Feidhmiúcháin

Sa doiciméad seo tugtar breac-chuntas ar threoirphrionsabail maidir le pleanáil straitéiseach téimh. Is treoirlínte ginearálta iad seo ar féidir iad a leanúint i bprionsabal ar gach leibhéal rialachais, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Cuirtear béim sna treoirlínte gur cheart go dtabharfaí aghaidh sa phleanáil straitéiseach téimh san Eoraip sa lá atá inniu ann ar athrú radacach a dhírítear ar ídiú breosla chun críche téimh a íoslaghdú. Leis seo is gá anailís theicniúil a dhéanamh nach bhfuil teoranta le beartais agus struchtúir institiúideacha ó sholáthar fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise. Le pleanáil straitéiseach téimh ní mór athruithe a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil, eagraíochtúil agus institiúideach. Nós imeachta féideartha is ea an tsamhail 3 chéim, atá leagtha amach sa chaibidil seo, ar féidir é a leanúint chun tacú leis an bpróiseas um pleanáil straitéiseach agus chun é a éascú.

San anailís theicniúil, tá sé tábhachtach dearcadh córais fuinnimh a bheith ann maidir leis an bpleanáil téimh d'fhonn fo-optamú a sheachaint. Mar an gcéanna, ba cheart go mbainfeadh dearcadh fadtéarmach socheacnamaíoch le cuardach na réiteach.

Chun córais téimh ceantair a bhunú mar bhonneagar chun leas a bhaint as foinsí téimh inbhuanaithe teastaíonn beartais lena dtugtar aghaidh ar eagrú na gcóras. Áirítear leis sin ceisteanna faoi shamhlacha úinéireachta do struchtúir mhonaplachta agus rialáil praghsanna. Is príomhphointe é gur cheart breathnú ar an dá ghné rialála seo ar bhonn comhleanúnach chun glacadh tomhaltóirí, rochtain ar chaipiteal, agus an cumas eagrúcháin fócas fadtéarmach a choinneáil sa phleanáil téimh a chinntiú.



H^oTMAPS

ACHOIMRE AR LÁMHLEABHAIR HOTMAPS DO PHLEANÁIL STRAITÉISEACH TÉIMH	6
Cur chuige maidir le pleanáil straitéiseach téimh	7
Eagraíocht, úinéireacht & rialáil praghsanna	9
Freagrachtaí i bpleanáil téimh	12

Achoimre ar Lámhleabhair Hotmaps do Phleanáil Straitéiseach Téimh

Sa doiciméad seo tugtar breac-chuntas ar uirlisí agus nósanna imeachta ginearálta a d'fhéadfadh tacú le próisis straitéiseacha pleanála téimh a dhéantar ar leibhéil rialtais Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla.

Is achoimre é an doiciméad ar an ábhar i lámhleabhair Hotmaps maidir le pleanáil straitéiseach téimh. Áirítear leis sin “Lámhleabhar Hotmaps I: Sainmhíniú agus taithí na pleanála straitéisí téimh” agus “Lámhleabhar Hotmaps II: Treoirínte chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar théamh agus ar fhuarú éifeachtach”. Forlíontar na doiciméid seo le tuarascáil an aguisín “Cur síos ar chásanna”, ina gcuirtear síos ar chásanna maidir le pleanáil téimh ceantair ó chomhthéacsanna éagsúla ar fud na hEorpa, agus leathanach wiki Hotmaps ina gcuirtear síos ar conas is féidir uirlisí Hotmaps a chur i bhfeidhm i bpleanáil téimh.

Cuimsítear in achoimre an doiciméid cur chuige foriomlán maidir le pleanáil straitéiseach téimh agus céimeanna san anailís theicniúil, tugtar breac-chuntas ann ar na príomhghnéithe atá le cur san áireamh in eagrú agus rialáil na hearnála agus tugtar breac-chuntas ann ar an dóigh ar féidir freagrachtaí i gcoitinne a leithdháileadh ar fud na leibhéal rialtais.

Ní gnó mar is gnách é an phleanáil straitéiseach téimh

Tosaíonn pleanáil straitéiseach téimh le céim ullmhúcháin de bhreithnithe straitéiseacha maidir leis na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras soláthair téimh reatha. Ansin aistrítear na breithnithe sin go príomhchuspóirí ar cheart don chóras teicniúil iad a chomhlíonadh amach anseo. Ar an mbonn seo, is féidir an anailís theicniúil a dhéanamh ar roghanna eile atá ar fáil chun na haidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach.

Don Aontas Eorpach, tá gealltanús trípháirteach ag baint le breoslaí iontaise a dhíothú de réir a chéile: d'fhéadfadh sé astaíochtaí CO₂ a laghdú, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair agus feabhas a chur ar an gcothromaíocht eacnamaíoch trí sciar níos mó de chostais fuinnimh a scaipeadh laistigh den Aontas.

Chun an acmhainneacht a ghealltar tríd an earnáil téimh a aistriú go cosán inbhuanaithe a bhaint amach teastaíonn próiseas um pleanáil straitéiseach téimh. Is féidir é seo a shainiú mar *phleananna gníomhaíochta chun físeanna fadtéarmacha maidir le hathrú radacach ar phríomh-pharaiméadair an tsoláthair teasa a bhaint amach*. Go stairiúil, áiríodh le príomh-pharaiméadair éileamh breosla, tosca comhshaoil agus slándáil an tsoláthair.

Leagtar béim sa sainmhíniú feidhmithe go bhfuil na pleananna dírithe ar ghníomhaíocht, i gcás go bhfuil an ghníomhaíocht sin bunaithe ar dhearcadh fadtéarmach agus ar anailís agus go bhféachtar leo le hathrú radacach a dhéanamh. Tá an sainmhíniú seo múnlaith don staid reatha san Eoraip, i gcás go dteastaíonn athrú radacach ar shiúl ó sholáthar fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise. Le hathrú radacach teastaíonn anailís straitéiseach agus dearthaí fadtéarmacha maidir leis na tionscnaimh aonair.

Cur chuige maidir le pleanáil straitéiseach téimh

Is féidir sintéis le haghaidh céimeanna cineálacha i bpleanáil straitéiseach téimh a cheapadh i dtrí chéim. Cé go ndéantar cur síos ar an bpróiseas i dtrí chéim, is dóigh go mbeidh sé mar chuid de phróiseas atriallach agus leanúnach.

Céim 1: Cásanna teicniúla a chruthú le haghaidh soláthar straitéiseach téimh

Sa chéim seo, déantar na cásanna teicniúla féideartha a shainaithint, a mheas agus a thuairisciú. Féadfaidh an próiseas seo an nós imeachta 7 gcéim a thuairiscítear thíos a leanúint. Bunaithe ar an nós imeachta, is féidir réiteach a roghnú ar féidir na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach leis.

- 1) Éileamh téimh a chainníochtú
- 2) Infhaighteacht na n-acmhainní téimh sa cheantar a mheasúnú agus a chainníochtú
- 3) Acmhainneacht na gcoigilte téimh i bhfoirgnimh a mheasúnú agus a chainníochtú
- 4) Cothromaíocht idir infheistíochtaí i soláthar téimh agus coigilt téimh a shainaithint
- 5) Ailínigh le pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla fuinnimh
- 6) Malartuithe agus cásanna teicniúla a fhorbairt do phlean straitéiseach um sholáthar téimh
- 7) Céimeanna 4–6 a athdhéanamh chun an réiteach is fearr a chuardach

Céim 2: Meastóireacht a dhéanamh ar dhálaí reatha an chreata agus príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint

Sa chéim seo, sainaitnítear baic agus deiseanna eacnamaíocha agus polaitiúla. Baineann cuid den phróiseas seo le páirtithe leasmhara lárnacha a mhapáil agus anailís a dhéanamh ar na róil ar dóigh dóibh a bheith acu i bpróiseas aistrithe agus na róil a d'fhéadfadh a bheith acu i soláthar téimh amach anseo.

- 1) Baic eacnamaíocha agus polaitiúla a shainaithint
- 2) Deiseanna eacnamaíocha agus polaitiúla a shainaithint

- 3) Príomhpháirtithe leasmhara atá ina bhfabhar agus ina choinne a shainaithint
- 4) Samhlacha úinéireachta agus gnó a fhorbairt a thagann leis na cuspóirí straitéiseacha

Céim 3: Plean cur chun feidhme a dhéanamh

Sa chéim dheiridh seo, cuardaíonn an t-údarás ábhartha deiseanna chun na rialacháin atá ann a mhodhnú nó a athrú chun tacú leis an réiteach is fearr. Baineann an chéim seo chomh maith le samhlacha eagraíochtaí lárnacha a bhreithniú chun an córas soláthair téimh a aistriú agus a oibriú. Baineann sé seo le déileáil le samhlacha úinéireachta agus praghsanna chun glacadh tomhaltóirí agus saoránach a chinntiú, leas a bhaint as caipiteal agus ardán institiúideach a chruthú le haghaidh gníomhaíochtaí straitéiseacha agus pleanáil fhadtéarmach.

- 1) Na coinníollacha creata ar féidir leis an údarás pleanála ábhartha athrú a dhéanamh orthu a shainaithint
- 2) Coinníollacha nua rialachán agus creata a dhearadh
- 3) Deiseanna a shainaithint chun páirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar féidir leo ról cuiditheach a imirt i gcur i gcrích an phlean téimh
- 4) Eagraíochtaí a dhearadh agus/nó a athdhearadh chun déileáil le dúshláin phleanála agus chomhordaithe

Cuir an córas fuinnimh iomlán san áireamh, ní an earnáil téimh amháin

Agus na réitigh theicniúla á sainaithint, is féidir an rogha eile is éifeachtaí a shainaithint trí anailís theicniúil ina gcuimsítear sineirgí idir soláthar téimh agus coigilt fuinnimh, ach sineirgí idir an earnáil téimh agus earnálacha fuinnimh eile chomh maith. Is féidir leis an gcuardach ar roghanna eile atá ar fáil i bpleanáil straitéiseach téimh an tsamhail 7 gcéim atá leagtha amach i gCéim I thuas a leanúint.

Tá sineirgí suntasacha ar fáil agus tú ag féachaint ar phleanáil fuinnimh ó thaobh iomlánaíoch de. Cé gurb é pleanáil téimh an fócas sa doiciméad seo, tá sé tábhachtach réimsí fuinnimh eile a chur san áireamh amhail leictreachas agus gás, chomh maith le héilimh leictreachais, iompair agus fuaraithe. Tá dhá chuspóir leis: sineirgí ar fud earnálacha agus scrogaill acmhainní teoranta a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

Cásanna a ailíniú le haidhmeanna fadtéarmacha amach anseo

Is iondúil go mbíonn saolré fhada ag infheistíochtaí i mbonneagar téimh, agus tá sé seo amhlaidh go háirithe i gcás líonraí téimh ceantair agus gléasraí comhghiniúna a thógtar inniu a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i ndiaidh 2050. Dá réir sin tá sé tábhachtach go ndéanfar

infheistíochtaí agus cinntí straitéiseacha a ailíniú le spriocanna aeráide, amhail spriocanna aeráide AE 2050 agus comhaontú Pháras. D'fhéadfadh sócmhainní tréigthe nó oibríocht faoi chórais pholaitiúla eile a bheith mar thoradh ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí eile.

Eagraíocht, úinéireacht & rialáil praghsanna

Baineann staid eacnamaíoch um 'monaplacht nádúrtha' le bonneagar téimh ceantar a bhunú. Faightear an staid um monaplacht nádúrtha as na costais mhóra infheistíochta lena ndearbhaítear go bhfuil sé róchostasach píobáin líonra iomaíochas do théamh ceantair a bheith sa cheantar céanna.

Leis an dearadh sonrath a roghnófar le haghaidh samhlacha úinéireachta agus praghsanna ba chóir aghaidh a thabhairt ar thrí thosaíocht: 1) a chinntiú go nglacfaidh tomhaltóirí leis an gcóras; 2) rochtain ar chaipiteal a chinntiú; agus 3) bonn a chinntiú chun pleanáil straitéiseach téimh a dhéanamh. Is féidir tosaíochtaí 2 agus 3 a sholáthar trí institiúidí comhlántacha.

Chun forbhreathnú ar na réitigh éagsúla seo a bhunú, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach creat déthoiseach a bhunú. Gné amháin is ea an tsamhail úinéireachta. Is í an ghné eile an tsamhail rialála praghsanna. Tá samhail mhaitrise ina léirítear na comhcheangail fhéideartha ar fáil thíos.

Tábla 1: Maitris ina léirítear na comhcheangail fhéideartha ar conas is féidir córas téimh ceantair a eagrú agus a rialáil.

	Úinéireacht tomhaltóirí	Úinéireacht bhordasach	Úinéireacht phríobháideach tráchtála
Fíorchostas			
Caidhp praghais			
Gan rialáil praghsanna			

Trí gné den tsamhail eagrúcháin is ea an méid díchuachta idir céimeanna éagsúla den chóras, idir ghiniúint téimh thar tharchur agus dáileadh agus ídiú téimh.

Tá éagsúlú úinéireachta forleathan – go háirithe i gcórais níos mó. Mar sin féin, níl aon taithí fhorleathan ann maidir le díchuachadh a chomhcheangal le hiomaíocht an mhargaidh i dtáirgeadh amhail eagrú an mhargaidh atá forbartha san earnáil leictreachais.

I ngníomh, áfach, oibríonn go leor córais téimh ceantair le rochtain tríú páirtí bunaithe ar chonarthaí déthaobhacha arna n-idirbheartú idir soláthraithe agus an chuideachta ar léi an eangach. Tá cuid de na deiseanna eacnamaíochas agus comhshaoil is mó maidir le heangacha téimh ceantair lonnaithe leis na tríú páirtithe seo – is é sin, leis na tionscail a tháirgeann

barraíocht téimh. Dá réir sin, bheadh rochtain tríú páirtí ina gné thábhachtach den leas is fearr agus is féidir a bhaint as eangacha téimh ceantair ar fud na hEorpa.

Trí chineál úinéireachta

Is féidir trí chineál bhunúsacha de shamhlacha úinéireachta a shainiú. I ngníomh, féadfar cloí le hibridí de na trí shamhail sin nó iad a fhorbairt, ach is iad na trí chineál seo a leanas na cinn is coitianta:

- *Úinéireacht tomhaltóirí*
Is ionann úinéireacht tomhaltóirí agus samhail úinéireachta príobháidí i gcás gur leis na tomhaltóirí téimh an córas. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla den tsamhail seo a bheith ann, ach is í an phríomhthréith go rialaíonn tomhaltóirí an chuideachta soláthair téimh ceantair áitiúil trí nósanna imeachta daonlathacha.
- *Úinéireacht bhargasach*
Sa tsamhail úinéireachta bardasaí, déantar an córas téimh ceantair a rialú trí chuideachta atá á rialú ag an mbardas nó atá á rialú go díreach ag an mbardas féin.
- *Úinéireacht phríobháideach tráchtála*
Clúdaítear sa chatagóir úinéireachta seo samhlacha úinéireachta i gcás go bhfuil an córas téimh ceantair á rialú ag cuideachta phríobháideach atá ag feidhmiú faoi choinníollacha tráchtála.

Trí shamhail um rialáil praghsanna

Is féidir trí shamhail bhunúsacha um rialáil praghsanna a shainiú. I ngníomh, féadfar cloí le hibridí de na trí shamhail sin nó iad a fhorbairt, ach is iad na trí chineál seo a leanas na cinn is coitianta:

- *Fíorchostais*
Tugtar le fios le príonsabal an fhíorchostais nach féidir ach praghas téimh a ghearradh ar thomhaltóirí a bheidh comhionann leis na costais a bhaineann leis an téimh sin a sheachadadh. Is féidir 'príonsabal brabúis an tomhaltóra' a thabhairt ar phríonsabal an fhíorchostais chomh maith, toisc go ndéantar gnóthachain éifeachtúlachta ar bith a dháileadh mar bhrabús ar na tomhaltóirí trí praghsanna téimh níos ísle.
- *Caidhp praghais*
Príonsabal is ea an chaidhp praghais lenar féidir le cuideachtaí téimh ceantair praghas téimh a ghearradh bunaithe ar phraghas tagartha éigin. Mar shampla, is féidir an praghas tagartha seo a bhunú ar chostas roghanna eile soláthair téimh, amhail gás nádúrtha, nó is féidir é a bhunú ar thagarmharcáil cuideachtaí téimh ceantair eile den chineál céanna.
- *Gan rialáil praghsanna*

Déantar praghsanna a rialú trí na fórsaí margaidh a tharlaíonn a bheith ann ag am agus tréimhse ar leith. Is féidir an chumhacht mhonaplachta a threoirmharcáil trí iomaíocht ó roghanna eile aonair téimh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur chóir breathnú ar an tsamhail úinéireachta agus ar an tsamhail praghsanna i gcoibhneas lena chéile. Ní féidir rogha na samhla úinéireachta a mheas go stuama gan an rialáil praghsanna lena gcomhlíontar é a chur san áireamh. Mar an gcéanna, caithfear breathnú ar airíonna na samhla praghsanna i bhfianaise na samhla úinéireachta. Mar shampla, léirítear le cás na Danmhairge taithí mhaith ar phrionsabal an fhíorchostais a chomhcheangal le húinéireacht tomhaltóirí nó úinéireacht bhardasach. Léirítear le cás na Danmhairge chomh maith, áfach, nár éirigh le prionsabal an fhíorchostais tomhaltóirí a chosaint go leordhóthanach i gcórais téimh ceantair atá faoi réir úinéireacht phríobháideach tráchtála.

Taispeántar le taithí ón tSualainn gur lagaíodh an gcumas pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh mar thoradh ar úinéireacht bhardasach a athrú go húinéireacht phríobháideach tráchtála.

Go ginearálta, ba chóir go mbeadh na húdaráis an-chúramach má cheadaíonn siad úinéireacht phríobháideach tráchtála ar na córais téimh ceantair toisc go dteastaíonn rialachán forlíontach an-chasta chun cosaint agus glacadh tomhaltóirí a chinntiú agus chun cumas institiúideach a chinntiú chun pleanáil straitéiseach stuama téimh a dhéanamh.

Comhthéacs institiúideach maidir le pleanáil straitéiseach téimh

Is minic a mhúnlaítear pleananna nithiúla téimh mar thionscadail áitiúla ar an leibhéal cathrach. Mar sin féin, ba chóir beartais straitéiseacha téimh chúil a leabú agus a chomhordú ar gach leibhéal rialachais ar fud na réimsí beartais uile a bhaineann le fuinneamh. Mar an gcéanna, ní mór an struchtúr institiúideach agus na gnéithe beartais a bhfuil tionchar acu ar inmharthanacht an tionscadail áitiúil nithiúil a shainaithint sa phróiseas um pleanáil straitéiseach téimh. Déantar na gnéithe beartais ábhartha a bhfuil tionchar acu ar an tionscadal nithiúil a shainaithint agus a mhapáil le linn Céim 2 sa tsamhail maidir le pleanáil straitéiseach téimh ar a ndearnadh achoimre thuas.

Tá dhá ghné le mapáil na mbeartais a bhfuil tionchar acu ar an bpleanáil straitéiseach téimh: gné gheografach agus gné earnála. Mar shampla, d'fhéadfadh tionscadal nithiúil téimh ceantair a bheith faoi réir reachtaíochta a dhírítear go díreach ar thionscadail téimh ceantair. D'fhéadfadh an rialachán tionscadail seo teacht as reachtaíocht áitiúil, náisiúnta agus Eorpach nó d'fhéadfaí é a chur chun feidhme i reachtaíocht áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag rialacháin ghinearálta téimh agus foirgníochta ar an tionscadal áirithe, chomh maith le reachtaíocht ar leibhéal an chórais fuinnimh. Múnlaítear na beartais seo go léir le reachtaíocht ar gach leibhéal rialtais chomh maith.

Is creat féideartha é an mhaitrís thíos ina léiríonn an dá ghné de rialacháin is féidir a úsáid i gCéim 2 den phleanáil straitéiseach téimh agus na beartais agus na struchtúir institiúideacha á mapáil.

Tábla 2: Mairís le haghaidh rialachán maidir le mapáil a théann i bhfeidhm ar phleanáil straitéiseach téimh.

	Rialachán tionscadal	Rialachán téimh agus foirgníochta	Rialachán córas fuinnimh
Rialachán áitiúil			
Rialachán náisiúnta			
Rialachán Eorpach			

Freagrachtaí i bpleanáil téimh

Bunaithe ar an taithí ar phleanáil straitéiseach téimh i gcomhthéacsanna éagsúla, féadfar roinnt treoirlínte ginearálta maidir leis na freagrachtaí sa phróiseas um phleanáil straitéiseach téimh a leagan amach.

Ar an gcéad dul síos, ní mór cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le struchtúir rialachais náisiúnta agus Eorpacha Bíonn eolas ag údaráis áitiúla ar choinníollacha áitiúla go minic agus, ós rud é go bhfaightear soláthairtí téimh sa cheantar áitiúil go minic, is minic gurb iad na húdaráis áitiúla a thionscnóidh phleanáil nithiúil téimh agus a mbeidh freagrach aisti. Mar sin féin, ní mór tús a chur le mapáil na hacmhainneachta teicniúla i struchtúir rialachais ardleibhéil. Is creat maith é an measúnú cuimsitheach maidir le téamh agus fuarú éifeachtach a cheanglaítear leis an Treoir Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun feacht a chur chun cinn agus beartais straitéiseacha téimh a thionscnamh.

I Lámhleabhar Hotmaps II ar 'Treoirlínte chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar théamh agus fuarú éifeachtach' cuirtear moltaí ar fáil maidir leis an dóigh ar féidir le Ballstáit leas a bhaint as an gcreat Eorpach seo. Cuirtear feabhas leis ar cháilíocht agus ar threo na phleanála téimh áitiúil má sholáthraíonn údaráis náisiúnta creat chun an próiseas phleanála áitiúil a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé seo, mar shampla, a bheith ina ghníomh soláthair téimh lena dtugtar breac-chuntas ar an bpróiseas maidir le tionscadail téimh ceantair a fhorbairt agus lena sonraítear na cúraimí do bhordais. Le reachtaíocht dá leithéid féadfar na táscairí straitéiseacha foriomlána a shocrú ar cheart iad a chomhlíonadh leis na beartais áitiúla. Mar shampla, le rialacháin náisiúnta soláthair téimh na Danmhairge tugtar freagrachtaí do bhordais, ach tugtar breac-chuntas iontu chomh maith ar na cheanglais fhoriomlána maidir le hinmharthanacht shocheacnamaíoch agus tosaíochtaí comhshaoil. Ba cheart na rialacha lena rialaítear struchtúr monaplachta na n-eangach téimh ceantair a thionscnamh ar bhonn náisiúnta chomh maith agus achoimriú a dhéanamh iontu ar shamhlacha úinéireachta, struchtúir cuideachtaí, rialáil praghsanna agus oibleagáidí agus cearta na dtomhaltóirí.

Féadann comhlachtaí rialtais náisiúnta agus Eorpacha phleanáil fuinnimh agus téimh áitiúil a chur chun cinn chomh maith trí thacú leis an bpróiseas trí shonraí agus treoir maidir le modheolaíocht a sholáthar. Féadfar é seo a chomhordú tuilleadh le cuspóirí straitéiseacha foriomlána maidir le hinbhuanaitheacht agus inmharthanacht shocheacnamaíoch.

Chomh maith leis an dáileadh freagrachta seo, moltar fóraim a bhunú ina ndéantar taithí a mhalartú idir gníomhaireachtaí phleanála áitiúla agus náisiúnta. D'fhéadfaí eolas faoi bhaic

rialála ar an leibhéal áitiúil a chur in iúl ansin don leibhéal lárnach inar féidir rialacháin a athrú. Nuair a bhíonn comhlachtaí rialtais réigiúnacha i láthair, is féidir leo ról tábhachtach a bheith acu i gcomhordú pleananna téimh cathrach chun fo-optamú áitiúil sa phleanáil fuinnimh a sheachaint. Moltar pleananna fuinnimh réigiúnacha i gcás go ndéantar na straitéisí téimh a fhorbairt i gcomhthéacs anailíse ar an gcóras fuinnimh. Is minic a bhaintear úsáidí contrártha as acmhainní amhail bithmhais ar fud earnálacha fuinnimh agus teorainneacha cathrach. Mar an gcéanna, bhainfeadh forbairt foinsí fuinnimh in-athnuaite luaineachta tairbhe as a bheith mar chuid de phlean straitéiseach comhordaithe ar fud earnálacha fuinnimh agus bardas.